AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.9.2026
COM(2026) 508 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## maidir le hinfhaighteacht ábhair atáirgthe plandaí orgánaigh, ainmhithe orgánacha agus beatha orgánaí próitéine ar mhargadh an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 53(7) de Rialachán (AE) 2018/848

{SWD(2026) 284 final}

## 1. Réamhrá

Scrúdaítear sa tuarascáil seo infhaighteacht ábhair atáirgthe plandaí orgánaigh, ainmhithe orgánacha, lena n-áirítear eireoga, agus beatha orgánaí próitéine ar mhargadh an Aontais atá beartaithe chun éanlaith chlóis agus muc-ainmhithe a chothú. Glactar é i gcomhréir le hAirteagal 53(7) de Rialachán (AE) 2018/848 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha (an 'Rialachán Orgánach')[1], a bhfuil feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

D'iarr na comhreachtóirí an tuarascáil sin i bhfianaise deireadh a chur de réir a chéile leis na maoluithe a bhaineann le hábhar atáirgthe plandaí neamhorgánach, éanlaith chlóis nár tógadh go horgánach, beostoc neamhorgánach a úsáid chun críoch pórúcháin, chomh maith le beatha neamhorgánach próitéine le haghaidh éanlaith chlóis agus muc-ainmhithe. Iarradh ar an gCoimisiún 'breathnú ar an staid maidir le hinfhaighteacht ábhair den sórt sin i bhfoirm orgánach ar mhargadh an Aontais, ar bhonn na sonraí maidir le hinfhaighteacht an ábhair orgánaigh a bhailítear tríd an mbunachar sonraí agus trí chórais arna mbunú ag Ballstáit,' 5 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin Orgánaigh. Ba cheart aghaidh a thabhairt sa tuarascáil ar infhaighteacht na n-ábhar sin agus ar na cúiseanna a bhféadfadh rochtain theoranta a bheith ag oibreoirí orgánacha ar ábhar den sórt sin.

Agus an tuarascáil seo á tarraingt suas ag an gCoimisiún, mheas sé sonraí a bailíodh i gcomhréir le hAirteagal 26 den Rialachán Orgánach agus faisnéis maidir le maoluithe agus údaruithe dá dtagraítear in Airteagal 53(6) mar a leanas:

*(a) an fhaisnéis atá sa bhunachar sonraí maidir le hábhar atáirgthe plandaí dá dtagraítear in Airteagal 26(1), agus sna córais bailithe sonraí dá dtagraítear in Airteagal 26(2) agus, i gcás inarb ábhartha, sna córais bailithe sonraí dá dtagraítear in Airteagal 26(3) maidir le heireoga;*

*(b) faisnéis a bhaineann leis na maoluithe ar ábhar atáirgthe plandaí a ceadaíodh i gcomhréir le pointe 1.8.5 de Chuid I d'Iarscríbhinn II agus pointe 1.3.4.3 agus pointe 1.3.4.4 de Chuid II d'Iarscríbhinn II; agus*

*(c) faisnéis faoi bheatha orgánach próitéine d'éanlaith chlóis agus do mhuc-ainmhithe a bheith ar fáil ar mhargadh an Aontais agus faoi na húdaruithe chun beatha neamh-orgánach próitéine a úsáid do mhuca óga agus d'éanlaith chlóis a ceadaíodh i gcomhréir le pointe 1.9.3.1(c) agus pointe 1.9.4.2(c) de Chuid II d'Iarscríbhinn II.*

Ina theannta sin, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/464 ón gCoimisiún[2] tugadh isteach ceanglais maidir le tuairisciú sonraí ó na Ballstáit, agus úsáideadh de réir a chéile na teimpléid a

[1] Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1) ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/848/2025-03-25/oj

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/464 ón gCoimisiún an 26 Márta 2020 lena leagtar síos rialacha áirithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na doiciméid is gá chun tréimhsí a aithint ar bhonn cúlghabhálach chun críche tiontaithe, le táirgeadh táirgí orgánacha agus leis an bhfaisnéis atá le soláthar ag na Ballstáit (IO L 98, 31.3.2020, lch. 2) ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/464/oj

bhí ar fáil trí Chóras Faisnéise na Talmhaíochta Orgánaí (OFIS) ó 2023 go 2025. Mar sin féin, cuireann na difríochtaí sna sonraí arna dtuairisciú ag na Ballstáit thar na 3 bliana isteach ar stóinseacht na hanailíse staidrimh. Sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis seo, cuirtear i láthair sonraí na mBallstát le haghaidh na mblianta 2022 go 2024[3].

## 2. Ábhar atáirgthe plandaí orgánach

D'fhonn forbairt an phóraithe orgánaigh a chur chun cinn, tugadh isteach leis an Rialachán Orgánach forálacha nua maidir le hábhar atáirgthe plandaí orgánach trí chineálacha orgánacha agus ábhar ilchineálach orgánach atá oiriúnach don táirgeadh orgánach a shainiú. Chuir sé deireadh freisin le maoluithe maidir le húsáid ábhair atáirgthe plandaí neamhorgánaigh (31 Nollaig 2036)[4].

Tá sé fíor-riachtanach éagsúlacht mhór a bheith in ábhar atáirgthe plandaí don fheirmeoireacht orgánach d'fhonn an t-oiriúnú is gá a áirithiú do bhrúnna agus do dhálaí éagsúla agus, ar an taobh eile, tá táirgeadh orgánach ábhair atáirgthe plandaí níos dúshlánaí go teicniúil ná táirgeadh traidisiúnta mar gheall ar úsáid theoranta lotnaidicídí agus leasachán (Roinn I.7 SWD).

Leathnaíodh raon feidhme na mbunachar sonraí chun faisnéis a bhailiú maidir le hinfhaighteacht ábhair atáirgthe plandaí orgánaigh (a bhí ann faoin gcreat reachtach roimhe seo lena rialaítear táirgeadh orgánach, go háirithe Rialachán (CE) 889/2009)[5] ón gCoimisiún ó shíolta agus prátaí síl chuig gach cineál ábhair iomadaithe plandaí fhásúil.

Faoin Rialachán Orgánach, ní mór d'fheirmeoirí orgánacha ábhar atáirgthe plandaí orgánach a úsáid[6]. Ní fhéadfaidh údaráis inniúla náisiúnta (ÚINanna) maoluithe a dheonú maidir le húsáid ábhair atáirgthe plandaí neamhorgánaigh faoi choinníollacha sonracha ach amháin i gcás ina léirítear le sonraí oifigiúla nach féidir freastal ar riachtanais an oibreora le méideanna ábhair atáirgthe plandaí orgánaigh agus ábhair atáirgthe plandaí atá á thiontú[7] atá ar fáil ar an margadh. I gcomhréir le pointe 1.8.5.6. de Chuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Orgánach, ní mór do ÚINanna liosta oifigiúil a bhunú de speicis, fospeicis nó cineálacha dá bhfuil ábhar atáirgthe plandaí orgánach agus ábhar atáirgthe plandaí atá á thiontú ar fáil i gcainníochtaí leordhóthanacha ('liosta Chatagóir I'). I gcás ina bhfuil easpa thromchúiseach ábhair atáirgthe plandaí orgánaigh ann, in ionad maoluithe aonair, féadfaidh

---

[3] Ós rud é gurb é an 31 Nollaig 2026 an sprioc-am chun an tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ní áirítear an fhaisnéis a sheol na Ballstáit faoi mhí an Mheithimh 2026.

[4] Tuilleadh faisnéise: Doiciméad Inmheánach Oibre Roinn I.7

[5] Rialachán (CE) Uimh. 889/2008 ón gCoimisiún an 5 Meán Fómhair 2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha i dtaca le táirgeadh, lipéadú agus rialú orgánach (*IO L 250, 18.9.2008, lch. 1)* ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/889/oj

[6] Pointí 1.8.1 agus 1.8.3. de Chuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848

[7] Déantar foráil in Airteagal 10(4) de Rialachán (AE) 2018/848 maidir le hábhar atáirgthe plandaí atá á thiontú a chur ar an margadh sa riocht sin i gcás ina gcomhlíonfar tréimhse thiontúcháin 12 mhí ar a laghad.

ÚINanna maoluithe ginearálta bliantúla a dheonú le haghaidh liosta speiceas, fospeiceas nó cineálacha[8].

Ós rud é go spreagann faisnéis faoi ábhar atáirgthe plandaí orgánach agus ábhar atáirgthe plandaí atá á thiontú atá ar fáil ar an margadh an fhéidearthacht d'fheirmeoirí maoluithe a iarraidh i gcás soláthar neamhleor, tá inrochtaineacht fhorleathan ar an bhfaisnéis sin fíor-riachtanach.

Ar an drochuair, is beag dul chun cinn atá déanta sa réimse seo sa taighde[9] agus san fhaisnéis thiomnaithe a chomhthiomsaítear: Tá cineál éigin bunachar sonraí idirghníomhach i bhfeidhm ag 17 mBallstát, agus feidhmeanna acu infhaighteacht ábhair atáirgthe plandaí le haghaidh barra sonracha a fhiosrú, agus roghnaigh an chuid eile táblaí statacha (Roinn I.8 SWD). Mar gheall ar na hathruithe rialála a rinneadh le déanaí, rinne na Ballstáit na córais a bhí acu roimhe sin a oiriúnú chun go mbeadh oibreoirí in ann faisnéis maidir lena dtáirgeadh ábhair atáirgthe plandaí orgánaigh nó ábhar atáirgthe plandaí atá á thiontú[10] a chur ar fáil don phobal ar bhonn deonach. Tá bunachair sonraí náisiúnta fíor-riachtanach chun úsáid ábhair atáirgthe plandaí orgánaigh agus ábhair atáirgthe plandaí atá á thiontú a chur chun cinn agus chun tacú le próiseáil leictreonach maoluithe agus ba cheart iad a bheith lánfheidhmiúil[11].

### 2.1. Anailísí ar shonraí náisiúnta a tuairiscíodh i gcomhréir le hAirteagal 53(6) de Rialachán (AE) 2018/848

Tugtar forléargas ar shonraí náisiúnta maidir le hinfhaighteacht ábhair atáirgthe plandaí, chomh maith le maoluithe aonair agus ginearálta, sa Doiciméad Inmheánach Oibre, arna miondealú le haghaidh príomhghrúpaí barr[12]. Miondealaítear na torthaí de réir an Bhallstáit aonair agus, i gcásanna áirithe, grúpáiltear le chéile iad i gceithre phríomhlimistéar gheografacha[13].

---

[8] Pointe 1.8.5.7. de Chuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Orgánach.

[9] *The State of organic seed in EU* -https://www.liveseed.eu/wp-content/uploads/2019/12/FNL-FNL-Web-Interactive-NOV19-Booklet2-LIVESEED_web.pdf

[10] Rinneadh bunachar sonraí FiBL organicXseeds atá i bhfeidhm le breis agus 10 mbliana a leathnú a thuilleadh le déanaí chun gach cineál ábhair atáirgthe plandaí agus feidhmiúlachtaí nua éagsúla a chur san áireamh agus tá sé in úsáid anois ag ocht mBallstát. Laistigh den tionscadal Liveseed, forbraíodh European Router Database freisin, chun ligean do sholáthraithe agus d'oibreoirí ábhar atáirgthe plandaí orgánach a thairiscint agus a chuardach ar fud na mBallstát uile, chomh maith leis an Ríocht Aontaithe, an Íoslainn agus an Eilvéis - EU Organic Seed Database - LIVESEEDING

[11] Sliocht as Solfanelli, F.; Ozturk, E.; Dudinskaya, E.C.; Mandolesi, S.; Orsini, S.; Messmer, M.; Naspetti, S.; Schaefer, F.; Winter, E.; Zanoli, R. *Estimating Supply and Demand of Organic Seeds in Europe using Survey Data and MI Techniques*. *Sustainability* **2022**, *14*, 10761. https://doi.org/10.3390/su141710761 : '*Deimhníonn na torthaí ó fheidhmiúlacht na hanailíse ar bhunachar sonraí síolta orgánacha agus ó shuirbhé a rinneadh le déanaí i measc feirmeoirí orgánacha san Aontas agus san Eilvéis an t-ionchas ginearálta go mbeidh úsáid síolta orgánacha níos airde sna tíortha ina bhfuil bunachar sonraí síolta orgánacha dea-fheidhmiúil agus ina bhfuil earnáil síolta dea-fhorbartha*'.

[12] Gránaigh, Speicis chruithneachta, Glasraí, Piseánaigh thriomaithe *Leguminosae*, Olashíolta, Barra tionsclaíocha, Luibheanna agus spíosraí aramatacha, Torthaí, Fíonchaora, Ológa, Barra Ornáideacha, Speicis Farae agus meascáin díobh (SWD Roinn I.3 agus I.4.2)

[13] Ballstáit an Aontais i lár na hEorpa: BE, CZ, DE, FR, LU, NL, AT- Ballstáit an Aontais in Oirthear na hEorpa: BG, LT, HU, PL, RO, SK - Ballstáit an Aontais i dTuaisceart na hEorpa: DK, EE, IE, LV, FI, SE – Ballstáit an Aontais i nDeisceart na hEorpa: EL, ES, HR, IT, CY, MT, PT, SI

### 2.1.1. Infhaighteacht ábhair atáirgthe plandaí orgánaigh nó ábhair atáirgthe plandaí atá á thiontú

Níor thuairiscigh formhór na mBallstát ach faisnéis cháilíochtúil, inar liostaíodh speicis agus cineálacha ar áiríodh ábhar atáirgthe plandaí orgánach agus ábhar atáirgthe plandaí atá á thiontú ina leith ina mbunachair sonraí náisiúnta. Níor thuairiscigh ach 4 Bhallstát sonraí cainníochtúla gach bliain le haghaidh líon leathan speiceas barr (Roinn I.1.1 SWD).

Féadfaidh oibreoirí na córais a úsáid ar bhonn deonach[14] ach chuir roinnt Ballstát in iúl go measann roinnt soláthróirí go bhfuil sonraí cainníochtúla íogair ó thaobh na tráchtála de.

I gcás speicis áirithe, féadfar ábhar atáirgthe plandaí orgánach a fhéintáirgeadh nó a fháil trí shocruithe díreacha idir feirmeoirí agus soláthróirí: go deimhin, is céatadán ard iad síolta feirm-shábháilte i gcás barra áirithe (gránaigh)[15].

Tá roinnt anailísí ar chineálacha de réir grúpa barr ar fáil (Roinn I.1.3 SWD), lena soláthraítear táscaire ar úsáid na mbunachar sonraí. Thuairiscigh 12 Bhallstát sonraí uileghabhálacha maidir le glasraí úra, gránaigh agus cruithneacht, ach níor thuairiscigh 11 Bhallstát ach líon beag barr agus cineálacha agus níor thuairiscigh 5 Bhallstát ach 1 bhliain amháin nó níor thuairiscigh siad aon bhliain.

Táscaire ar infhaighteacht fheabhsaithe ábhair atáirgthe plandaí orgánaigh agus ábhar atáirgthe plandaí atá á thiontú is ea 'liosta oifigiúil Chatagóir I' a bheith ann, a fhéadfaidh na Ballstáit a úsáid freisin chun deireadh a chur le maoluithe, i gcomhréir le forbairt an tsoláthair margaidh. Níl 'liosta Chatagóir I' bunaithe ach ag 12 Bhallstát, agus tá an líon barr idir 1 agus 90, ina bhfuil gránaigh (cruithneacht) agus farae den chuid is mó (Roinn I.2 SWD).

### 2.1.2. Maoluithe faoi phointe 1.8.5 de Chuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848

Féadfaidh údaráis inniúla náisiúnta maoluithe a eisiúint chun úsáid ábhair atáirgthe plandaí neamhorgánaigh a cheadú le haghaidh táirgeadh orgánach ar bhonn aonair nó ar bhonn ginearálta[16].

Ní fhéadfar maoluithe aonair a eisiúint i gcomhréir leis na coinníollacha a shocraítear faoi phointe 1.8.5.1. d'Iarscríbhinn II, Cuid I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 ach amháin i gcás:

[14] Ó shuirbhé de chuid Liveseeding a rinneadh le déanaí, ní thairgeann ach 49 % de na 140 táirgeoir orgánach a d'fhreagair an suirbhé síolta orgánacha trí na bunachair sonraí náisiúnta san Aontas - *Insights into the opportunities and bottlenecks in organic seed and plant breeding sector* - 13 Feabhra 2023: Liveseeding_Teimpléad-Cur-i-láthair

[15] *Estimating Supply and Demand of Organic Seeds in Europe Using Survey Data and MI Techniques* - Sustainability 2022, 14, 10761. https://doi.org/10.3390/su141710761

[16] Ní mór maoluithe a eisiúint i gcomhréir leis na ceanglais a shocraítear faoi phointí 1.8.5.1 go 1.8.5.7. de Chuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848.

*(a) nach bhfuil aon chineál den speiceas is mian leis an oibreoir a fháil cláraithe sa bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 26(1) ná sna córais dá dtagraítear in Airteagal 26(2);*

*(b) nach féidir le haon oibreoir, a mhargaíonn ábhar atáirgthe plandaí, an t-ábhar atáirgthe plandaí orgánach nó an t-ábhar atáirgthe plandaí atá á thiontú nó ábhar atáirgthe plandaí a údaraítear i gcomhréir le pointe 1.8.6 a sheachadadh go tráthúil lena chur nó lena phlandú i gcásanna inar ordaigh an t-úsáideoir an t-ábhar atáirgthe plandaí in am réasúnta chun go bhféadfaí ábhar atáirgthe plandaí orgánach nó ábhar atáirgthe plandaí atá á thiontú nó ábhar atáirgthe plandaí a údaraítear i gcomhréir le pointe 1.8.6 a ullmhú agus a sholáthar;*

*(c) i gcás nach bhfuil an cineál is mian leis an oibreoir a fháil cláraithe mar ábhar atáirgthe plandaí orgánach nó mar ábhar atáirgthe plandaí atá á thiontú nó mar ábhar atáirgthe plandaí a údaraítear i gcomhréir le pointe 1.8.6 sa bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 26(1) ná sna córais dá dtagraítear in Airteagal 26(2) agus ina bhfuil an t-oibreoir in ann a léiriú nach n-oireann aon cheann de na hábhair mhalartacha den speiceas céanna go háirithe do na dálaí agranamaíocha agus peidichlíomacha agus do na hairíonna teicneolaíochta riachtanacha chun go bhféadfaí dul i mbun táirgthe;*

*(d) i gcás ina bhfuil údar cuí lena úsáid i dtaighde, lena thástáil i dtrialacha allamuigh ar mionscála, chun críoch éagsúil caomhnaithe nó le haghaidh nuálaíocht táirge agus ina gcomhaontaíonn údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann.*

Thuairiscigh formhór na mBallstát sonraí maidir leis an gcás a dtugtar tuairisc air i mír (c) thuas (Roinn I.4.1 den Doiciméad Inmheánach Oibre). I roinnt Ballstáit eile[17], is é an cás ar a dtugtar tuairisc i mír (a) thuas is mó atá ann, rud a léiríonn easpa iomlán ábhar atáirgthe plandaí orgánach nó ábhar atáirgthe plandaí atá á thiontú.

Léiríonn maoluithe aonair inathraitheacht gheografach leathan, agus eisíodh an chuid is mó díobh le haghaidh glasraí úra, gránach agus speicis farae (Roinn I.4 agus Roinn I.6 den Doiciméad Inmheánach Oibre).

Maidir le maoluithe ginearálta, sholáthair 15 Bhallstát faisnéis chainníochtúil (ach níor sholáthair na Ballstáit uile faisnéis le haghaidh 3 bliana) agus chuir 6 Bhallstát in iúl nach gcuireann siad an scéim maolaithe ghinearálta i bhfeidhm ar chor ar bith[18]. Níor sholáthair 5 Bhallstát[19] aon fhaisnéis maidir le maoluithe ginearálta.

Ar an mbonn sin, rinneadh meastóireacht shealadach ar shonraí cainníochtúla maidir le gránaigh agus cruithneacht, rud a léirigh méadú ar úsáid maoluithe ginearálta (Roinn I.5 SWD).

Léirítear i Roinn I.3 SWD go bhféadfadh maoluithe ginearálta a bheith bainteach leis na céadta speiceas i roinnt Ballstát (nuair a chuirtear plandaí ornáideacha san áireamh) agus i mBallstáit eile tá siad teoranta do roinnt dosaen speiceas (farae, gránaigh, glasraí, fíniúnacha agus barra torthaí den chuid is mó).

[17] BG, CY, CZ, HR, HU, IE, LV, LT, PL, PT, SK, RO
[18] BG, CY, HR, MT, PL, SI
[19] IE, EL, CZ, HU, RO

## 3. Ainmhithe orgánacha, lena n-áirítear eireoga

Ní mór beostoc orgánach a bhreith, a ghoradh agus a thógáil ar aonaid táirgthe orgánacha[20].

Mar sin féin, tá táirgeadh orgánach beostoic thíos le heaspa ainmhithe a tógadh go horgánach chun tréada nó ealtaí a thosú nó a athnuachan. Déantar foráil sa Rialachán Orgánach maidir le córas nua maoluithe atá bunaithe ar an bhfaisnéis arna bailiú ag na Ballstáit maidir le hinfhaighteacht ainmhithe orgánacha.

Cuireann an córas ar a gcumas d'oibreoirí a bhfuil ainmhithe orgánacha á margú acu faisnéis faoina stoic a chur ar fáil go poiblí ar bhonn deonach, saor in aisce, mar aon lena n-ainmneacha agus lena sonraí teagmhála[21].

I gcás ina léiríonn na sonraí a bhailítear nach féidir freastal ar éileamh na n-ainmhithe orgánacha, féadfaidh ÚINanna tabhairt isteach ainmhithe neamhorgánacha in aonad táirgthe orgánach a údarú go dtí an 31 Nollaig 2036, faoi réir coinníollacha dochta[22].

I gcás eireoga, is ar bhonn deonach a bhunaíonn na Ballstáit[23] an córas sin agus féadfaidh na ÚINanna a údarú go dtabharfar éanlaith chlóis nár tógadh ar bhonn orgánach isteach in aonad táirgthe éanlaithe orgánaí, ar choinníoll go bhfuil na heireoga a úsáidtear chun uibheacha agus feoil a tháirgeadh níos óige ná 3 lá d'aois, i gcás ina mbunaítear ealta den chéad uair, nó i gcás ina ndéantar í a athnuachan nó a athbhunú.

Déantar anailís sa tuarascáil seo ar infhaighteacht ainmhithe orgánacha san Aontas, lena n-áirítear eireoga, chomh maith leis na maoluithe a deonaíodh chun ainmhithe neamhorgánacha a thabhairt isteach, bunaithe ar an bhfaisnéis ó na Ballstáit.

### 3.1. Anailís ar an bhfaisnéis a fuarthas ó na Ballstáit maidir le hinfhaighteacht ainmhithe orgánacha

Ní raibh sé sainordaitheach do na Ballstáit córais a bhunú maidir le hinfhaighteacht ainmhithe orgánacha roimh an 1 Eanáir 2022 ann. Ó 2023 go 2025, tháinig méadú ar an líon Ballstát a bhfuil córais oibríochtúla acu le haghaidh ainmhithe orgánacha. Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo staid na himeartha maidir leis na córais atá i bhfeidhm go dtí mí an Mheithimh 2025 nuair a sheol 25 Bhallstát naisc chuig a mbunachair sonraí (Roinn II.1 SWD). Tá siad ar fáil ag https://ec.europa.eu/agriculture/ofis_public/national-databases.html.

Ós rud é nach bhfuil úsáid an chórais éigeantach do sholáthraithe ainmhithe orgánacha, bíonn éagsúlacht mhór i gceist leis na sonraí a sheolann na Ballstáit, agus is minic a bhíonn siad

[20] Pointe 1.3.1 de Chuid II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848
[21] Féadfar maolú ainmhithe a sholáthar i gcomhréir le pointe 1.3.4.4 de Chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848
[22] Pointí 1.3.4.4.1 go 1.3.4.4.4. de Chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848
[23] Airteagal 26(3) de Rialachán (AE) 2018/848

neamhiomlán, agus dá bhrí sin ní féidir leis an tuarascáil seo figiúirí comhdhlúite a chur i láthair ar leibhéal an Aontais.

### 3.2. Anailís ar an bhfaisnéis a fuarthas ó na Ballstáit maidir le hinfhaighteacht eireoga orgánacha

Tá sé roghnach do na Ballstáit faisnéis a bhailiú maidir le hinfhaighteacht eireoga orgánacha. Go dtí seo, níor chuir na Ballstáit córais den sórt sin ar bun chun faisnéis a bhailiú ina mínítear go ndéanann formhór na n-oibreoirí orgánacha na heireoga a theastaíonn uathu a réamhordú go díreach ón margadh.

### 3.3. Anailís ar an bhfaisnéis a fuarthas ó na Ballstáit maidir leis na maoluithe a deonaíodh chun ainmhithe neamh-orgánacha a thabhairt isteach

Sheol na Ballstáit uile sonraí le haghaidh na 3 bliana sin. I gcás roinnt Ballstát, áfach, bhí siad neamhiomlán nó neamhréireach ó bhliain go chéile. Tháinig feabhas ar cháilíocht na sonraí ó 2023 go 2025 ach ní féidir í a chomhiomlánú fós i gcás na 27 mBallstát.

Léirítear in anailís cháilíochtúil gur deonaíodh maoluithe i bhformhór na mBallstát chun ainmhithe neamhorgánacha a thabhairt isteach le haghaidh ainmhithe den speiceas buaibheach, eachaí, ainmhithe den speiceas caorach, ainmhithe den speiceas gabhair agus muc-ainmhithe (SWD Roinn II.3).

### 3.4. Anailís ar an bhfaisnéis a fuarthas ó na Ballstáit maidir leis na maoluithe a deonaíodh chun eireoga neamh-orgánacha a thabhairt isteach

Chuir formhór na mBallstát faisnéis isteach atá neamhiomlán nó níor chuir siad sonraí isteach. Léirítear in anailís cháilíochtúil le haghaidh eireoga neamhorgánacha go raibh roinnt Ballstát ag úsáid na maoluithe in 2022 agus gur scoir siad de shonraí a thuairisciú le haghaidh 2023 agus 2024 (Roinn II.4 SWD).

De réir na faisnéise a fuarthas ón gComhlachas Eorpach Éanlaithe Clóis Tuaithe (ERPA), tá an staid maidir le soláthar eireoga orgánacha faoi bhrú. Díríonn formhór na saoráidí pórúcháin tuismitheoirí ar tháirgeadh traidisiúnta agus ní dhíríonn siad ach ar éigean ar tháirgeadh orgánach, i gcás (i) ina gciallaíonn ceanglais tithíochta infheistíocht mhór agus (ii) ina méadaíonn rochtain ar limistéir faoin aer rioscaí sláinte ainmhithe do thuismitheoirí. Dhéanfaí difear ar leith do tháirgeadh tréithchineálacha éanlaithe clóis a fhásann go mall dá gcuirfí deireadh leis na maoluithe chun eireoga neamhorgánacha a thabhairt isteach.

## 4. Beatha orgánach próitéine

### 4.1 Réamhrá

Ní mór ainmhithe orgánacha a bheathú le beatha orgánach nó beatha atá á tiontú a chomhlíonann a riachtanais chothaitheacha agus a thagann go príomha ó na feirmeacha ina gcoimeádtar na hainmhithe nó ó dhaoine eile sa réigiún[24].

Tá iomaíocht láidir ann maidir le beatha orgánach próitéine toisc go bhfuil toirmeasc ar aimíonaigéid shintéiseacha a úsáid sa táirgeadh orgánach[25]. Tá riachtanais shonracha áirithe aimíonaigéad ag muca óga agus ag éanlaith chlóis ina n-aistí bia, chun críocha fáis agus leasa den chuid is mó, ar riachtanais iad a bhféadfadh sé nach bhfreastalófaí orthu le foinsí próitéine orgánacha atá ann cheana[26].

Is saincheist í an easpa soláthair orgánaigh leordhóthanaigh ó bhí an creat rialála a bhí ann roimhe seo ann lena rialaítear táirgeadh orgánach muc agus éanlaithe clóis[27]. Dá bhrí sin, nuair nach féidir le feirmeoirí an bheatha próitéine is gá a fháil ó tháirgeadh orgánach agus gur dheimhnigh an ÚIN nach bhfuil beatha orgánach próitéine ar fáil i gcainníocht leordhóthanach, údaraítear beatha neamhorgánach próitéine a tháirgtear nó a ullmhaítear gan tuaslagóirí ceimiceacha a úsáid agus comhdhúile sonracha próitéine a sholáthar le huaschéatadán 5 % in aghaidh na tréimhse 12 mhí do bhainbh suas le 35 kg agus d'éanlaith chlóis óg. Is féidir na húdaruithe sin a dheonú go dtí an 31 Nollaig 2026[28].

Chuir na Ballstáit faisnéis ar fáil faoi infhaighteacht beatha orgánaí próitéine d'éanlaith chlóis agus do mhuc-ainmhithe ar mhargadh an Aontais, chomh maith le faisnéis faoi na húdaruithe a deonaíodh i gcomhréir le pointe 1.9.3.1(c) agus pointe 1.9.4.2(c) de Chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848.

Déantar anailís sa tuarascáil seo ar infhaighteacht beatha orgánaí próitéine san Aontas agus ar na húdaruithe a dheonaítear chun suas le 5 % de bheatha orgánach próitéine a úsáid le haghaidh muc-ainmhithe óga agus éanlaith chlóis óg, bunaithe ar an bhfaisnéis sin[29].

### 4.2 Anailís ar an bhfaisnéis a fuarthas ó na Ballstáit maidir le hinfhaighteacht beatha orgánaí próitéine do mhuca agus d'éanlaith chlóis

Tugtar achoimre i Ranna III.3 agus III.4 den Doiciméad Inmheánach Oibre ar an bhfaisnéis a fuarthas maidir le hinfhaighteacht beatha orgánaí próitéine do mhuca agus d'éanlaith chlóis.

Cé gur tháinig feabhas ar cháilíocht na sonraí idir 2022 agus 2024, níor thuairiscigh líon suntasach Ballstát figiúirí maidir le cainníochtaí an ábhair beatha orgánaigh a úsáideadh mar

[24] Pointe 1.4.1 (a) agus (b) de chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848
[25] Pointe 1.4.1(f) de chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848
[26] *Recent advances in protein and amino acid nutritional dynamics in relation to performance, health, welfare, and cost of production* - ScienceDirect
[27] Airteagal 43 de Rialachán (CE) Uimh. 889/2008 ón gCoimisiún
[28] Pointe 1.9.3.1 (c) agus 1.9.4.2 (c) de chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848
[29] Airteagal 53(4) de Rialachán (AE) 2018/848

fhoinse próitéiní sonracha a cuireadh ar an margadh náisiúnta le haghaidh muc nó éanlaith chlóis in 2024.

In 2024, níor sholáthair ach 11 Bhallstát sonraí cainníochtúla maidir leis an ábhar beatha orgánaí a úsáidtear mar fhoinsí próitéiní sonracha a chuirtear ar a margadh náisiúnta le haghaidh muc agus níor sholáthar ach 13 Bhallstát na sonraí céanna le haghaidh éanlaith chlóis. Rinne roinnt Ballstát suirbhéanna i measc a n-oibreoirí beatha chun na sonraí sin a bhailiú.

Tugtar liosta de na cineálacha beatha orgánaí agus neamh-orgánaí próitéine a úsáidtear chun muca agus éanlaith chlóis a bheathú sa Doiciméad Inmheánach Oibre, Roinn III.2.

Tugtar forléargas i Roinn II.5 den Doiciméad Inmheánach Oibre ar a meastar a bheith i gceist le ‘éanlaith chlóis óg’ i mBallstáit éagsúla.

Rinne an Coimisiún anailís cháilíochtúil ar na sonraí inar léiríodh an méid seo a leanas:

- Tá foinsí beatha orgánaí agus neamh-orgánaí próitéine a úsáidtear le haghaidh muca óga agus éanlaithe clóis an-chosúil le chéile agus tá an dá speiceas in iomaíocht le chéile le haghaidh na n-acmhainní céanna.
- Deonaíonn na Ballstáit údaruithe ginearálta seachas údaruithe aonair chun beatha neamhorgánach próitéine a úsáid le haghaidh muc-ainmhithe agus is cosúil nach bhfuil eolas beacht acu ar an líon feirmeacha muc a thairbhíonn de na húdaruithe (níor thug a bhformhór meastachán ar an líon deimhnithe táirgeoirí muc orgánach ag a bhfuil bainbh ≤ 35 kg).
- Deonaíonn na Ballstáit údaruithe ginearálta, ní údaruithe aonair, chun beatha neamhorgánach próitéine a úsáid le haghaidh éanlaith chlóis óg agus tá tuiscintí éagsúla acu ar a bhfuil i gceist leis an téarma ‘éanlaith chlóis óg’.
- Tá údaruithe á n-úsáid ag formhór na bhfeirmeacha muc agus éanlaithe clóis a bhfuil deimhniúchán orgánach acu.

## 5. Conclúidí

Le blianta beaga anuas, tá feabhas tagtha ar an bhfaisnéis a chuir na Ballstáit isteach maidir leis na hábhair sa tuarascáil seo. Mar sin féin, ar bhonn na faisnéise a chuirtear ar fáil, ní féidir teacht ar chonclúidí cinntitheacha maidir le leibhéal soláthair na n-ábhar orgánach a bhreithnítear sa tuarascáil seo, maidir le húsáid maoluithe ginearálta agus aonair arna ndeonú ag na Ballstáit agus, níos tábhachtaí fós, maidir le héabhlóid na staide i dtreo margadh ina soláthraítear níos fearr na hionchuir chriticiúla sin.

Tá córais curtha ar bun ag na Ballstáit inar féidir le hoibreoirí a mhargaíonn ábhar atáirgthe plandaí orgánach nó ábhar atáirgthe plandaí atá á thiontú nó ainmhithe orgánacha, ar bhonn deonach, faisnéis mhionsonraithe maidir lena dtáirgí a chur ar fáil don phobal, i gcomhréir le hAirteagal 26 den Rialachán Orgánach. Cé go bhfuil siad cabhrach, ní bhíonn na córais sin ag feidhmiú go hiomlán i gcónaí agus tá a n-úsáid ag oibreoirí teoranta i gcónaí.

### 5.1 Ábhar atáirgthe plandaí orgánach

D'ainneoin feabhsuithe áirithe ar infhaighteacht ábhair atáirgthe plandaí do ghránaigh (cruithneacht), agus ar bhonn níos lú do speicis farae, ní leor fós soláthar ábhair atáirgthe plandaí orgánaigh agus ábhair atáirgthe plandaí atá á thiontú chun an t-éileamh ar na mílte speiceas agus ar a gcineálacha a chumhdach. Is cúis mhór imní é sin i bhfianaise an mhéadaithe ar thalamh a shaothraítear go horgánach (ó 16,9 milliún heicteár in 2022 go 18,1 milliún heicteár in 2024[30]) agus i bhfianaise an lín leathain speiceas lena mbaineann, mar a deimhníodh le taighde a rinneadh le déanaí[31]: '*mar a léiríodh sa tionscadal LIVESEED a bhí ann roimhe seo, cumhdaítear leis an soláthar síolta orgánacha, lena n-áirítear síol arna shábháil ar fheirm orgánach,* ***níos lú ná 50 % de limistéar na feirme orgánaí*** *ar an meán agus tá difríochtaí móra ann idir barra agus tíortha (Solfanelli et al. 2021. 2022)*' agus[32]: '*Léirítear go soiléir sa léargas foriomlán ar úsáid reatha síl san fheirmeoireacht orgánach [...] go sáraíonn an t-éileamh ar shíol orgánach an soláthar go mór, go háirithe i réigiúin theas agus oirthear na hEorpa.*'

I bhfianaise an mhéid sin, tá gá fós le maoluithe fiú más rud é, i gcás roinnt speiceas, go bhféadfadh 12 Bhallstát fanacht amach ó mhaoluithe trí 'liosta Chatagóir I'.

I bhfianaise na sonraí atá ar fáil faoi láthair, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le staidéar cuimsitheach ar sholáthar agus éileamh ábhair atáirgthe plandaí orgánaigh, mar aon le hanailís ar chur chun feidhme na maoluithe. D'fhéadfadh sé sin cuidiú le dea-chleachtais a shainaithint, d'fhonn deireadh a chur de réir a chéile le maoluithe faoi 2036. D'fhéadfaí a shainaithint sa staidéar freisin na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag deireadh iomlán a chur le maoluithe ginearálta agus aonair, ag díriú ar bharra amhail gránaigh agus speicis chruithneachta a bhfuil infhaighteacht níos airde ábhair atáirgthe plandaí orgánaigh agus ábhair atáirgthe plandaí atá á thiontú acu.

### 5.2 Ainmhithe orgánacha

Maidir le hainmhithe orgánacha, tá sonraí ann le déanaí (ag tosú in 2022) agus níl siad leordhóthanach fós chun forléargas iontaofa a thabhairt ar infhaighteacht ainmhithe orgánacha. I gcás eireoga, níor bhunaigh aon Bhallstát córas lena bhfógraítear infhaighteacht eireoga orgánach ar an leibhéal náisiúnta.

Léirítear san anailís ar na sonraí a sheol na Ballstáit nach mór d'oibreoirí orgánacha ainmhithe neamhorgánacha nó eireoga neamhorgánacha a thabhairt isteach fós chun leanúint de tháirgeadh

[30] *Organic in Europe - Browse latest production and market data*

[31] LiveSeeding 2025: Treochlár/crann cinnteoireachta nuashonraithe agus feabhsaithe chun síol orgánach 100 % a bhaint amach

[32] Solfanelli, F.; Ozturk, E.; Dudinskaya, E.C.; Mandolesi, S.; Orsini, S.; Messmer, M.; Naspetti, S.; Schaefer, F.; Winter, E.; Zanoli, R. *Estimating Supply and Demand of Organic Seeds in Europe using Survey Data and MI Techniques*. *Sustainability* **2022**, *14*, 10761.https://doi.org/10.3390/su141710761

beostoic orgánaigh. Ar mhaithe le simpliú, dealraíonn sé nach iomchuí gníomh tarmligthe chun na córais chun faisnéis a bhailiú maidir le hinfhaighteacht eireoga orgánacha a dhéanamh éigeantach, agus chun coinníoll a chur le deonú maoluithe ar chóras den sórt sin a bheith ann[33].

I bhfianaise na dtreochtaí anuas le déanaí i dtáirgeadh beostoic orgánaigh agus éanlaithe clóis (seachas caoirigh)[34], is cosúil gurb iomchuí leanúint de mhaoluithe a úsáid le haghaidh beostoc orgánach agus eireoga orgánacha go dtí an 31 Nollaig 2036.

### 5.3 Beatha orgánach próitéine le haghaidh muc agus éanlaithe clóis

Ar deireadh, chuir na Ballstáit faisnéis ar fáil maidir le hinfhaighteacht beatha orgánaí próitéine do mhuca agus d'éanlaith chlóis agus maidir leis na húdaruithe a dheonaítear chun bainbh suas le 35 kg agus éanlaith chlóis óg a bheathú le suas le 5 % de bheatha neamhorgánach próitéine.

Tá sonraí ar fáil ó 2022 go 2024 ach tá siad fós neamhiomlán, rud a chuireann bac ar fhorléargas cainníochtúil a chur i láthair maidir le hinfhaighteacht beatha orgánaí próitéine san Aontas.

Is saincheist struchtúrach san earnáil orgánach í an easpa beatha orgánaí próitéine do mhuca agus d'éanlaith chlóis a bhfuil roinnt blianta fós ag teastáil chun í a réiteach. Léirítear san anailís cháilíochtúil ar na sonraí go dtairbhíonn go leor táirgeoirí muc orgánach agus éanlaithe clóis fós de na húdaruithe chun céatadán beag de bheatha neamhorgánach próitéine a áireamh in aistí bia a n-ainmhithe óga.

Aontaíonn príomhpháirtithe leasmhara na hearnála orgánaí[35] leis an easpa infhaighteachta atá ann faoi láthair maidir le beatha orgánach próitéine do mhuca agus d'éanlaith chlóis ar mhargadh an Aontais agus leis an ngá atá leis na maoluithe atá ann cheana a leathnú.

Ar an mbonn sin, agus an oibleagáid chun freastal ar riachtanais chothaitheacha in aimíonaigéid muc óg orgánach agus éanlaithe clóis orgánaigh á cur san áireamh chun a bhfás agus a leas a áirithiú, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh lena gcuirfear síneadh 10 mbliana eile (i.e. go dtí an 31 Nollaig 2036) leis an bhféidearthacht atá ag ÚINanna úsáid suas le 5 % de bheatha neamhorgánach próitéine a údarú do bhainbh suas le 35 kg agus d'éanlaith chlóis óg.

[33] Airteagal 53(3) de Rialachán (AE) 2018/848: *'Ón 1 Eanáir 2027, beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le Airteagal 54 lena leasaítear pointe (b) d'Airteagal 26(2) go leathnófaí raon na gcóras faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 26(2) chun go gcuimseofaí ann eireoga, agus pointe 1.3.4.3 de Chuid II d'Iarscríbhinn II, ionas go mbunófaí na maoluithe a bhaineann le heireoga ar na sonraí a bhaileofar i gcomhréir leis an gcóras seo.*'

[34] Roinn II.2 den Doiciméad Inmheánach Oibre

[35] FEFAC, EUWEP, ERPA, Copa-Cogeca, IFOAM Organics Europe